



Buaiteoir a Ghnóthaigh  
Ardmholadh, 2021-2022,  
daltaí Rang 4 & Rang 5, Scoil  
Náisiúnta Oilibhéar Pluincéad,  
Baile Átha Cliath



Buaiteoir Iomlán 2021-2022, Matthew Yacob,  
Scoil Náisiúnta Naomh Treasa, an Longfort'



# Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Duaiseanna iontacha suas go dtí  
luach **€1,000** le buachan do do scoil!\*

Duaiseanna le bronnadh ar:

- \* 1 Bhuaitheoir Sóisearach in aghaidh an Chontae
- \* 1 Bhuaitheoir Sinsearach in aghaidh an Chontae
- \* 1 Bhuaitheoir Náisiúnta Foriomlán

Féach ar ár láithreán gréasáin

**[www.SomeoneLikeMeCompetition.ie](http://www.SomeoneLikeMeCompetition.ie)**

chun tuilleadh faisnéise a fháil agus chun  
teacht ar acmhainní ár bpleananna ceachta

SPRIODHÁTA  
LE HAGHAIDH  
IONTRÁLACHA

**18**  
Samhain  
2022

## Comórtas – Iontráil Luath!

Cuir d'iontráil faoin 28  
Deireadh Fómhair le go  
mbeidh seans agat Beart  
Cúraim Chruthaithigh ó  
Recreate. Roinn d'iontráil ar  
líne le #SomeoneLikeMe le  
seans breise a fháil le baint!

**NDA**

Údarás Náisiúnta Míchumais  
National Disability Authority

Tá Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm.

Féacht [www.SomeoneLikeMeCompetition.ie](http://www.SomeoneLikeMeCompetition.ie) | [someonelikeme@realnation.ie](mailto:someonelikeme@realnation.ie)  
Real Nation, 24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 W620

# Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sinsearach

## Rang a Trí go Rang a Sé

### Réamhrá:

#### An raibh a fhios agat?

Obair ghrúpa - Tabhair píosa páipéir do na daltaí, agus iarr orthu rud a bhreacadh síos fúthu féin nach mbeadh ar eolas ag daltaí eile, b'fhéidir, agus atá siad sásta a chomhroinnt. Iarr ar na daltaí a gcuid nótaí a fhilleadh, agus iad a chur i lár an ghrúpa. Glacann na daltaí seal ar na nótaí a léamh os ard agus a thomhas cé a scríobh iad. Tuairiscíonn na grúpaí an méid a d'fhoghlaim siad faoina chéile.

#### Seisiún tobsmaointeoireachta

iarr ar dhaltaí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, liosta a dhéanamh dá liacht míchumas agus is féidir. Scríobh síos ar an gclár iad. Fiafraigh de na daltaí cé na daoine a d'fhéadfadh a bheith thíos leo sin. Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil daoine ann a thagann ar an saol faoi mhíchumas (m.sh. dall ó bhroinn) agus bíonn daoine eile ann a bhíonn faoi mhíchumas mar gheall ar thinneas nó ar thimpiste.

#### Ideas for the Main Part of Your Lesson:

- \* Déan Machnamh agus Ceangal - Ilarr ar na daltaí smaoineamh ar an eolas agus an taithí atá acu ar an gcaoi ar féidir le daoine a bheith difriúil óna chéile, mar shampla, míchumas coirp; míchumas céadfach ar nós bodhaire agus daille; míchumas intleachtúil; agus míchumas a thagann leis an aois, ar nós gá a bheith le háis éisteachta nó siúládan. Spreag iad chun smaoineamh ar an gcaoi a ndéanaimid talamh slán de thuiscintí áirithe a bhíonn againn uaireanta faoi dhaoine. Iarr ar na daltaí labhairt le duine muinteartha leo sa bhaile nó le dalta eile sa rang agus an cheist sin a phlé.
- \* Ionchuimsiú – Cén Fáth? Caith súil siar ar an tobsmaointeoireacht a rinneadh ag tús an cheachta. Cuir na ceisteanna seo a leanas ar dhaltaí: Cén fáth, dar libh, a mbeadh sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na míchumais seo? Cad é a chiallaíonn sé 'duine a chur san áireamh'? Ar cheart daoine faoi mhíchumas a bheith san áireamh agus cén fáth?

### Plé Ranga

Déan plé leis na daltaí faoi na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas agus faoi na dúshláin a bhíonn rompu. Mar shampla, dá mbeadh duine i gcathaoir rothaí agus dá mbeadh carr nó veain páirceáilte ar an gcosán, b'fhéidir nach mbeadh an duine ábalta an cosán a úsáid nó go mbeadh air dul ar an mbóthar, rud a bheadh an-chontúirteach. D'fhéadfaí an sampla sin a úsáid freisin i gcás duine dall nach mbeadh ábalta dul timpeall ar na constaicí sin go héasca. Iarr ar dhaltaí a bheith ag smaoineamh ar mhíchumais nach bhfuil le feiceáil

### Cuspóirí:

- \* Tuiscint agus meas a bheith againn ar chosúlachtaí agus difríochtaí i measc daoine
- \* Feasacht agus tuiscint na ndaltaí ar mhíchumas a fhorbairt
- \* Tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile ar bhealach comhbhách, tuisceanach, mothálach agus ionchuimsitheach

### Curricular Links:

**SPHE** - Myself and others / Myself and the wider world

**Visual Arts** – All strand units

**Literacy** – Oral language development

- \* Úsáid na Cluichí Parailimpeacha le taispeáint do na daltaí an méid is féidir a bhaint amach agus duine faoi mhíchumas.
- \* Bain úsáid as rólghlacadh chun an tábhacht a bhaineann le gach duine a chur san áireamh inár ngníomhaíochtaí a léiriú agus an tionchar a bhaineann le gan daoine eile a chur san áireamh.
- \* Iarr ar na daltaí píosa de mhíreanna mearaí a tharraingt (féach ar an íomhá). Laistigh den chruth, iarr ar na daltaí bealaí a scríobh inar féidir linn daoine eile (duine le míchumas nó gan mhíchumas) a áireamh inár ngníomhaíochtaí. Ceangail na píosaí míreanna mearaí le chéile chun póstaer ranga a dhéanamh 'Is fearr a bheith le chéile'.

Roghnaigh: bileog ghníomhaíochta ar líne ar fáil ó [www.someonelikemecompetition.ie](http://www.someonelikemecompetition.ie)

### Plenary:

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, leis an teideal 'Duine Cosúil Liomsa' Cuir i gcuimhne do na daltaí smaoineamh ar a bheith ionchuimsitheach ina ndearadh - m.sh. má úsáideann siad téacs, an bhfuil an cló mór go leor? An féidir leo siombailí a úsáid chun a dteachtaireacht a chur in iúl? Is féidir le daltaí cinneadh a dhéanamh más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Tabhair roinnt ama ina dhiaidh sin do dhaltaí freagairt agus léirmheas dearfach a thabhairt ar obair a chéile. Comhlánaigh an leathanach gníomhaíochta a ghabhann leis an gceacht. Gabh siar ar an méid a d'fhoghlaim na daltaí le linn an cheachta. Gabh siar ar an gcroí-fhoclóir a cuireadh ina láthair agus iarr orthu an méid a d'fhoghlaim siad ón gceacht a roinnt le gach duine.

Is féidir leat an teachtaireacht 'Duine Cosúil Liomsa' a chomhroinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne, nó ar shuíomh gréasáin na scoile!

### Le cur isteach air:

Cuir isteach d'iontráil leis na sonraí seo a leanas ar a cúl nó ceangailte léi:

1. Cuir isteach d'iontráil chomh maith le d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig Oifig Thionscadail Duine Cosúil Liomsa ag Real Nation, Cé Áránn, Baile Átha Cliath 7, D07 W620.
2. Cur síos gairid ina mínítear na smaoine agus an spreagadh taobh thiar de shaothar do chuid daltaí (lín na bhfocal ar leibhéal sóisearach: suas le 200 focal). Cuir i seo isteach chomh maith le d'fhoirm iontrála.

Le haghaidh píosaí atá níos mó / nó píosaí 3T is féidir leat grianghraif a thógáil agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.

### Bí Cruthaitheach!

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint as fabraic nó más mian leat bheith an-cruthaitheach is féidir leat meáin mheasctha a úsáid.